


Gníomhaíochtaí Daltaí: Tógáil 21

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Tógáil 21” ar CD an Dalta.

Tógáil 21: Meánlár triantáin a thógáil.



1. Ainmnigh reanna an triantáin?

2. Ainmnigh trí lárphointe ar shleasa an triantáin.

3. Cad atá i gceist le meánlíne triantáin? Ainmnigh meánlínte an triantáin seo?

4. Ainmnigh an pointe ag a dtrasnaíonn meánlínte triantáin a chéile.


5. Bain úsáid as an gcomhad idirghníomhach agus déan cur síos ar an tslí le meánlár triantáin a fháil.

6. Bog pointí an triantáin A, B agus C agus de réir mar a athraíonn cruth an triantáin faigh amach an bhfuil na meánlínte comhchumarach i gcónaí (iad ag trasnú a chéile ag an bpointe céanna). Mínigh do fhreagra.

7. Cén tslí a míneofa meánlár triantáin do dhuine nach matamaiticeoir é/í?

8. Cén pointe i dtriantán ina bhfuil meáchanlár an triantáin?

9. Aimsigh meánlár na dtriantán seo.




Dúshlán

Fadhb an “Bhosca Liathróidí”

Tá Liathróidí Leadóige Teo. ag iarraidh bosca nua a dhearadh dá dtáirgí. Bosca triantánach do 4 liathróid, mar atá sa léaráid thíos, a theastaíonn ó rannóg margaochta an chomhlachta. Luíonn na liathróidí isteach sa bhosca go deas, iad ag bualach le trí bhalla an bhosca agus le foircinn an bhosca. Tá trí bhalla an bhosca ar aon mhéid.

Glac leis gurb é 6 cm trastomhas liathróide leadóige, agus ná bac tiús an ábhair bhosca.



Fadhb 1

Cruth triantánach atá ar cheann an bhosca.

Cén cineál triantáin é? Tabhair toisí an triantáin go dtí 2 ionad dheachúlacha.

© <http://www.mathopenref.com/problemballbox.html>